COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

# BEARRADH FÁIL AGUS OIBLEAGÁIDÍ AR ÚINÉIR TALÚN/ÁITITHEOIR

## SÉASÚR BEARRTHA FÁIL
## 1 Meán Fómhair 2025 go 28 Feabhra 2026

Cuireann Acht na mBóithre, 1993 (Alt 70) oibleagáid reachtúil ar gach úinéir talún/áititheoir talún nó struchtúr chun a chinntiú nach mbíonn struchtúir, crainn, toir nó fásra eile cois bóthair ina mbaol dóibh siúd a bhaineann úsáid as bóithre poiblí agus a oibríonn orthu.

Ar mhaithe le sábháilteacht agus cosaint gach duine a bhaineann úsáid as na bóithre poiblí inár gContae, ceanglaítear ar úinéirí talún agus ar áititheoirí talún:

- gach cúram réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú nach mbíonn agus nach bhféadfaidh sé go mbeidh struchtúir, crainn, fálta, toir ná fásra eile cois bóthair atá ag fás ar a dtalamh ina mbaol dóibh siúd a bhaineann úsáid as na bóithre poiblí nó a oibríonn orthu.
- a chinntiú go mbaintear gach smionagar de na bóithre tar éis fál a bhearradh.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú freisin go dtugann fálta foscadh d'éin agus d'ainmhithe beaga atá ag neadú. Níor cheart fálta a bhearradh (seachas i gcás sláinte phoiblí riachtanach, sábháilteacht nó oibreacha bóthair) le linn shéasúr an fháis, atá idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa. Moltar d'úinéirí talún fiadhúlra a chosaint agus bithéagsúlacht a chur chun cinn ar a gcuid fálta sceach go léir (lena n-áirítear fálta nach bhfuil cois bóthair) agus tá eolas maidir leis sin ar fáil ar www.pollinators.ie.

Bíodh a fhios agat faoi do fhreagrachtaí maidir le Speicis Ionracha — go háirithe má tá Glúineach Bhiorach ann, níor cheart fálta a bhearradh i gcás ar bith.

Is mian le Comhairle Contae Cheatharlach aitheantas a thabhairt do chomhoibriú na n-úinéirí talún agus na n-áititheoirí sin atá, agus a bhí, ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí i gcaitheamh na mblianta.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAcht na mBóithre, 1993 (arna leasú), i gcásanna nach gcomhlíonann úinéirí talún a n-oibleagáidí, go bhféadfaidh an Chomhairle cibé gníomh is gá a ghlacadh chun comhlíonadh a chinntiú. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh fíneálacha suas le €1,270, agus/nó sé mhí i bpríosún, a bheith infheidhme.

**PÁDRAIG O'GORMAN,**
**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ.**